# CEACHT 3.

## CUR SÍOS AR AN CHEACHT

Tabharfaidh Ceacht a Trí léargas mion ar Chath an Somme agus ar na heachtraí ba chúis le ceann de na coimhlintí is fuiltí den chogadh, mar a amharctar go forleathan air. Fiosrófar sa cheacht gníomhartha na chéad rannán a chuaigh thar bharr an trinse amach ar 1 Iúil, 1916, an 36ú Rannán (Ulaidh) ina measc.

| CUSPÓIRÍ AN CHEACHTA | TORTHAÍ AN CHEACHTA |
|---|---|
| 1. Na fáthanna ar troideadh Cath an Somme a fhiosrú.<br>2. An ról a d'imir fórsaí na gcomhghuaillithe i rith an chatha agus na híobairtí móra a rinneadh a scrúdú.<br>3. Meáin dhigiteacha a úsáid le cuspóirí 1 & 2 a léiriú. | • Imeachtaí ba chúis le hionsaí mórscála ag an Somme a scrúdú.<br>• Na híobairtí a rinne na Ranna Éireannacha sa chéad chúpla lá den chath a thuiscint.<br>• Scileanna TFC a úsáid le tuiscint ar an topaic a léiriú. |

| BILEOGA EOLAIS AGUS TREORACHA | DIGITEACH | BOGEARRAÍ | CRUA-EARRAÍ |
|---|---|---|---|
| • Eochairfhaisnéis Cheacht 3<br>• Tascleathán M5L3_1 agus M5L3_2<br>• Leathán Dearaidh d'Íomháú Digiteach<br>• Scéalchlár Físeagar-thóireachta | • Áiseanna Breise Molta | • Bogearraí Eagarthóireacht Íomhánna<br>• Bogearraí Físeagar-thóireachta | • Clár Bán<br>• Ríomhairí / Ríomhairí Glúine<br>• Cluasáin / Micreafóin |



PRONI



© IWM (Q 10678)



© IWM (Q 70169)

| GNÍOMHAÍOCHT | TORTHAÍ FOGHLAMA |
|---|---|
| **Tús** – Mar chúlra don chath, taispeáin rogha d'íomhánna do na daltaí ó chéad lá Chath an Somme – íomhánna a fuarthas ón idirlíon roimh an cheacht. Taispeáin do na daltaí go dtuigtear go raibh an cath seo ar na cathanna ab fhuiltí agus ba lú éifeacht sa chogadh. | Nuair a fheicfidh na daltaí íomhánna ón chath uilig, gheobhaidh siad léargas ar dheargbhrúidiúlacht an chogaidh ar an Fhronta Thiar agus tuigfidh siad go mairfeadh Cath an Somme ar feadh roinnt mhaith míonna. |
| **Beidh rogha gníomhaíochtaí ag múinteoirí ón Eochairfhaisnéis leis na daltaí a spreagadh.**<br><br>Thiocfadh le múinteoirí an rang a scoilt ina ghrúpaí agus iarraidh ar na daltaí na pointí plé a úsáid le gnéithe den Eochairfhaisnéis a phlé. Ansin roinnfidh na daltaí na rudaí a phléigh siad leis an rang.<br><br>De rogha air sin, thiocfadh le múinteoirí na Ceisteanna Tosaigh / Forbartha a úsáid do phlé grúpa nó le heolas daoine aonair a thástáil.<br><br>Tabharfaidh an ghníomhaíocht foghlaim ghníomhach deis do na daltaí foghlaim a dhéanamh agus eolas a roinnt i ngrúpaí agus ansin an méid a d'fhoghlaim siad a chur in iúl don rang.<br><br>****Más féidir, lig do na daltaí an topaic a fhiosrú ar an idirlíon – áiseanna breise molta/inneall cuardaigh.*** | Tá an Eochairfhaisnéis ceaptha an fhaisnéis sa topaic a chlúdach agus na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh.<br>Tá na ceisteanna plé ar an Eochairfhaisnéis ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh leis an idirghníomhaíocht agus le C&F.<br><br>Tá na ceisteanna ar an bhileog eolais ceaptha na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh as na daltaí an fhaisnéis a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.<br><br>Ba cheart go dtabharfadh na gníomhaíochtaí éagsúla deiseanna foghlama do na daltaí agus iad ag idirghníomhú. Déanfaidh na gníomhaíochtaí eolas a dhaingniú agus plé a spreagadh fosta. |
| **Plé iomlánach –** Taispeáin íomhánna ó cheantar an Somme sa lá atá inniu ann agus fiosraigh agus pléigh na hathruithe móra a tháinig ar an cheantar agus ar an phobal ó bhí an cath ann. | Is dócha go spreagfaidh an plé na daltaí le bheith ag machnamh ar mar a théann cogadh agus cathanna i bhfeidhm ar cheantair éagsúla. |

EOCHAIR
FHAISNÉIS
**3.**

# TREO AGUS IARMHAIRT CHATH AN SOMME

**1.))) PLÉ**

**An síleann tú go raibh barúil ag na ceannairí ar cé chomh huafásach agus a bheadh Cath an Somme?**

Tharla Cath an Somme ag Abhainn an Somme i dtuaisceart na Fraince idir 1 Iúil agus 18 Samhain 1916. Bhí an cath ar na cinn ba mhó agus b'fhuiltí sa Chéad Chogadh Domhanda agus cuimhnítear go forleathan air ar fud na hEorpa as a bhrúidiúlacht. Ar an chéad lá den chath, fuair thart faoi 60,000 saighdiúir bás, an lá catha ba mheasa i stair arm na Breataine. Nuair a bhí deireadh leis an chath, bhí milliún fear ó gach taobh i ndiaidh bás a fháil. Cuireann an méid daoine a fuair bás ag Cath an Somme i gcuimhne dúinn a mhí-éifeachtaí a bhí cogaíocht trinsí le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.




© IWM (Q 113)



© IWM (Q 70169)

## CAD CHUIGE AR TROIDEADH AN CATH?

Ceapadh ar dtús go mbeadh an ionsaí ag an Somme mar chuid d'ionsaí ar scála níos mó ag airm na Breataine, na Fraince, na hIodáile agus na Rúise ar na Cumhachtaí Láir. Bhí plean ann iad a chloí le hionsaithe comhuaineacha ar an fhronta thiar, ar an fhronta thoir agus ar an fhronta Iodálach. Rinne Arm na Gearmáine, áfach, ionsaí ar na Francaigh in Verdun sular cuireadh tús leis na hionsaithe a bhí pleanáilte. Cuireadh cuid mhór saighdiúirí Francacha chuig Verdun leis an bhrú a mhaolú, saighdiúirí a bhí ceaptha bheith páirteach ag an Somme.




teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

**2.))) PLÉ**


**Cad é mar a atógadh pobail i ndiaidh doibh an oiread sin fear óg a chailleadh sa chogadh? Cad é mar a chuimhnítear ar na daoine a thit ag an Somme i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn sa lá atá inniu ann ?**



© IWM (Q 70164)

## AN RAIBH A FHIOS AGAT?


Ba é Cath an Somme an chéad chath míleata inar úsáideadh tancanna agus amharctar air mar thús an chogaidh ar scála tionsclaíoch. Ba mhó an ráchairt a bhí ar thancanna a fhorbairt de thairbhe cogaíocht trinsí agus an líon mór daoine a gortaíodh sna chéad mhíonna den chogadh. Baineadh feidhm as tancanna i Meán Fómhair 1916 ag Cath an Somme.



PRONI

## CAD É A THARLA LE LINN AN CHATHA?

I dtús an chatha rinneadh bombardú airtléire a mhair seachtain ar na línte Gearmánacha. Bhí seo ceaptha na trinsí Gearmánacha agus an tsreang dheilgneach a bhí rompu a scriosadh. I ndiaidh seachtain de thromionsaithe sliogán, bhí na Briotanaigh agus na Francaigh muiníneach gur scrios an scaoileadh airtléire na línte Gearmánacha agus go ndéanfaí 'brú mór' cuid mhór gluaiseachtaí chun tosaigh. Ba é an cuspóir a bhí ag an 36ú Rannán (Ulaidh) brú chun tosaigh agus bheith i gceannas ar an cheantar idir Beaucourt (ó thuaidh) agus Thiepval (ó dheas). Le dul chun cinn a dhéanamh, bheadh orthu na trinsí Gearmánacha uilig a bhí sa bhealach orthu a ghabháil. Bhí na hUltaigh ullmhaithe go maith don ghluaiseacht chun tosaigh ach bhí go leor acu drogallach neirbhíseach faoina mbeadh rompu i lár an chatha.




Déanta na fírinne, áfach, theip go hiomlán ar an straitéis. Bhí tochaltáin dhoimhne ullmhaithe ag na Gearmánaigh áit a bhfuair siad foscadh nuair a bhí sliogáin airtléire ag titim os a gcionn. Nuair a chríochnaigh an bombardú, bhí na Gearmánaigh ag súil go ngluaisfeadh saighdiúirí na Fraince agus na Gearmáine ar aghaidh feadh an fhronta a bhí 25 míle ar leithead. Dhreap siad amach as na tochaltáin, chuaigh i mbun na meaisínghunnaí agus d'fhan gur tháinig an namhaid isteach i raon na ngunnaí (féach **Dearcthaí 2**).

Lean an cath isteach sa gheimhreadh sular tháinig deireadh fadálach leis ar 18 Samhain, 1914, agus gan ach seacht míle gnóthaithe ag airm na Breataine agus na Fraince. Is é dearcadh an ghnáthphobail ar Chath an Somme gur cur amú millteanach a bhí ann inar maraíodh agus inar gortaíodh daoine ina sluaite. Os a choinne sin, áfach, baineadh amach an cuspóir teacht i gcabhair ar na Francaigh in Verdun nuair a bhí ar arm na Gearmáine a chuid trúpaí ag an Somme a athneartú. Mar gheall ar an méid millteanach daoine a fuair bás agus a thionchar sin ar shochaí na Breataine agus na hÉireann, níor measadh gurbh fhiú na buanna oirbheartaíochta.

# DEARCTHAÍ

1. "Caithfidh an náisiún an dóigh le básanna a fhulaingt a fhoghlaim. Dá mhéad scil atá ag na ceannairí is airde céim, dá fheabhas an traenáil ag oifigigh agus fir agus dá mhéad níos fearr atá na hairm agus an t-armlón, níor leor sin le buanna a bhreith linn gan fir bás a fháil. Caithfidh an náisiún a ullmhú le liostaí fada de dhaoine a maraíodh agus a gortaíodh a fheiceáil."

**Douglas Haig ag scríobh dó i Meitheamh 1916, sular thosaigh Cath an Somme**

2. "Maidin lá arna mhárach bhreathnaigh muidne, na gunnadóirí, ar an radharc uafásach a bhí os ár gcomhair...Bhí na céadta corp sínte amach mar a bheadh raic a caitheadh suas go dtí líne bharr láin. Fuair a oiread céanna bás ar shreang an namhad agus a fuair bás ar an talamh, mar a cheapfaí iasc in eangach... Bhí a ngnó millteanach déanta ag na meaisínghunnaí.

**Gerard Coppard, Meaisínghunnadóir in Arm na Breataine ag cur síos ar chéad lá Chath an Somme**

3. "Léirigh siad crógacht an lá sin atá inchurtha le crógacht ar bith dá fheabhas é ar domhan."

**Cuimhníonn an Comhfhreagraí Cogaidh ar na bearta a rinne an 36ú Rannán (Ulaidh)**

4. "Ní Ultach mé, ach inné, 1ú Iúil, agus mé ag amharc ar a n-ionsaí dochreidte, mhothaigh mé gurbh fhearr liom bheith i m'Ultach ná rud ar bith eile ar domhan."

**An Captaen Wilfred Spender in alt nuachtáin, 2ú Iúil, 1916**

5. "Meabhraím ar bhearta an 36ú Rannán (Ulaidh), bearta a fhíoraigh go hiomlán an dea-bharúil a fuair mé nuair a rinne mé cigireacht ar an fhórsa sin sular imigh siad chuig an fhronta. I ndiaidh blianta fada de streachailt, a bhfuil deireadh chomh glórmhar anois léi, chruthaigh na hUltaigh chomh huasal is a throideann siad agus a fhaigheann siad bás.

**An Rí Seoirse V i dteachtaireacht chuig Edward Carson, Mí na Nollag 1918**

## CEISTEANNA

**1.** Cá mhéad saighdiúir, go garbh, a mheastar a fuair bás ar chéad lá Chath an Somme?

**2.** Cad chuige nár éirigh leis an bhombardú airtléire fad seachtaine ar ionaid na Gearmáine?

**3.** Cá mhéad míle, go garbh, a bhí fórsaí na gComhghuaillithe ábalta gluaiseacht chun tosaigh trasna latrach an áir?

**4.** Cad é ba chúis le tabhairt isteach tancanna le linn Chath an Somme?

## GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 1:

Bronnadh Cros Victoria ar William McFadzean (McFadden) as a chrógacht ina ról ag Cath an Somme. Déan taighde ar na rudaí a rinne sé agus scríobh próifíl ghairid in aon alt amháin.

## GNÍOMHAÍOCHT BHREISE 2:

Amharc ar Dhearcthaí 3, 4 & 5. Cad chuige, dar leat, ar moladh an 36ú Rannán (Ulaidh) a oiread sin as a gníomhartha ar 1ú Iúil, 1916?

## TASC 1

**Déan staidéar ar an léaráid thuas a léiríonn leagan amach fhórsaí na gcomhghuaillithe in éadan na nGearmánach ar 1 Iúil, 1916. Déan sceitse den léarscáil seo a léireoidh na príomhionaid amhail na línte Gearmánacha agus línte an 36ú Rannán (Ulaidh). Úsáid saigheada agus lipéid ar do léarscáil lena léiriú an méid a tharla i ndáiríre ar 1 Iúil.**

Breathnaigh agus scrúdaigh bearta fhórsaí na gcomhghuaillithe ag an Somme agus a raibh siad ag iarraidh a bhaint amach. Úsáid an léarscáil le míniú gairid a thabhairt ar an méid a tharla ar an chéad lá den chath agus fiosraigh na rudaí ar éirigh leo, na rudaí nár éirigh leo agus an fáth ar theip ar an ionsaí.

## TASC 2

**Is iomaí Éireannach a thug a bheatha ag an Somme. Maraíodh nó gortaíodh na mílte acu sna chéad laethanta den chath. Mhol na ceannairí a gcuid gníomhartha go hard mar a fheictear sna dearcthaí ar Lch37 thuas. Tugadh le tuiscint ó shin, áfach, gur easpa pleanáil agus treoir chuí ó na ceannairí ba chúis le mórán daoine bás a fháil gan ghá. Fiosraigh an smaoineamh 'do bheatha a thabhairt' mar théama de chuid Chath an Somme agus déan do thuairimí a phlé sa rang.**

Déan machnamh ar na gníomhartha agus na róil a bhí ag Éireannaigh le linn Chath an Somme agus le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda go ginearálta; scrúdaigh an ról a bhí acu i gcomparáid le ról Rannáin eile de chuid Impireacht na Breataine, mar shampla an fáth a raibh Éireannaigh ar na chéad dreamanna a chuaigh thar bharr an trinse amach.


teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

## TASC MALARTACH

- Cuir na daltaí i gcúig ghrúpa.
- Tabharfar íomhá do gach grúpa a bhaineann le gné de chuid Chath an Somme (tá na híomhánna ar Tascleathán M5L3_2) agus cuirfear an íomhá i lár Tascleathán M5L3_1.
- Pléifidh gach grúpa ansin an íomhá agus an méid a léiríonn sí, agus freagróidh siad na ceisteanna ar an Tascleathán.
- Ina dhiaidh sin cuirfidh gach grúpa a gcuid freagraí agus an plé a bhí acu in iúl don rang.

## ÁISEANNA BREISE MOLTA

1) http://www.bbc.co.uk/learningzone/clips/the-disaster-of-the-somme/12747.html - Spléachadh ar na hionsaithe sliogáin a tharla roimh an chath
2) http://www.bbc.co.uk/programmes/p0195wsn - Déanann Peter Barton, staraí, cíoradh ar an chóras tollán faoi láthair chatha an Somme
3) http://www.bbc.co.uk/guides/zc3dhyc - Fiosrú ar an scannáin Battle of the Somme a cuireadh amach in 1916
4) http://www.rte.ie/archives/exhibitions/1011-ireland-and-the-great-war/1017-aftermath/317241-jack-campbell-war-is-war/?page=1 - Iarshaighdiúir Éireannach ag plé dílseachta ag an fhronta
5) http://www.thestar.com/news/world/2014/07/07/did_wwis_butcher_of_the_somme_get_an_unfair_rep.html - An ról a bhí ag an cheannaire mhíleata ag an Somme a fhiosrú
6) http://news.bbc.co.uk/1/hi/uk/5126128.stmhttp://news.bbc.co.uk/1/hi/uk/5126128.stm - An ról a bhí ag Éireannaigh ag an Somme a fhiosrú
7) http://www.independent.co.uk/voices/comment/the-cemeteries-of-the-western-front-are-testament-to-the-worst-and-best-of-humanity-9593026.html - An dóigh a bhfuil reiligí an Somme tábhachtach mar mheabhrúchán ar an chogadh
8) http://www.bbc.co.uk/news/uk-wales-27914893 - An dóigh ar spreag úsáid tancanna ag an Somme comhraic a bhí le teacht
9) http://www.creativecentenaries.org/battle-somme - Bain triail as amlíne idirghníomhach de na heachtraí le linn Chath an Somme
10) http://www.bbc.co.uk/guides/z3kgjxs - Fiosraíonn Dan Snow an saol sna trinsí
11) http://www.history.com/topics/world-war-i/world-war-i-history/pictures/world-war-i-trench-warfare/german-front-line-trenches - Amharc ar ghailearaí de thrinsí ón Fhronta Thiar

**1. Cad é a léiríonn an íomhá seo?**

**2. Cad chuige a mbaineann an íomhá seo go sonrach le Cath an Somme?**

**3. Cad iad na focail agus na frásaí a thagann isteach i do cheann nuair a fheiceann tú an íomhá seo?**

**CUIR AN ÍOMHÁ ANSEO**

**4. Cad é mar a mhothódh saighdiúirí agus iad sa chás seo?**

**5. Cad é mar a d'fhreagródh daoine sa bhaile dá bhfeicfeadh siad an íomhá seo?**

MEAISÍNGHUNNAÍ



SREANG DHEILGNEACH




LATRACH AN ÁIR




TRINSÍ




TANCANNA





# TASCANNA DIGITEACHA

TASC SCANNÁN-ÓIREACHTA



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Cruthóidh na daltaí scannán a mhairfidh 30 soicind ar a laghad agus a léireoidh an líon mór básanna a tharla ag an Somme. Úsáidfidh na daltaí íomhánna ón chath a thaispeánfaidh an ról a bhí ag Éireannaigh, agus cuirfidh siad isteach fotheidil agus téacs le cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach ar an scáileán.*** Déanfaidh na daltaí taighde ar íomhánna (agus ar chlosábhair agus físeáin más féidir) agus ar fhaisnéis ón idirlíon a úsáidfaidh siad ina scannáin.

## PLEAN

***Gheofar faisnéis ón idirlíon agus déanfar í a dhearadh mar scéalchlár.***

- Tabharfaidh an múinteoir téarmaí cuardaigh do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna, físeáin, closábhar agus faisnéis atá fóirsteanach ón idirlíon – iarr ar na daltaí iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad a chur san áireamh.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí faisnéis atá le húsáid agus sábhálfaidh siad í go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar (d'fhéadfaí gur íomhánna nó sleachta a bheadh ann, a bhí ina gcuidiú leo a scripteanna a scríobh).
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.
- Úsáidfidh na daltaí an fhaisnéis agus na meáin a gheobhaidh siad agus déanfaidh siad scéalchlár leis an scannán a dhéanamh.

## DÉAN

***Iompórtálfaidh na daltaí na míreanna meáin éagsúla a fuair siad ar an idirlíon. Úsáidfidh na daltaí a scéalchlár mar threoir agus déanfaidh siad an scannán leis na huirlisí éagsúla eagarthóireachta (Scoilteadh, Bearradh, Trasdulta, Maisíochtaí agus Fotheidil/Teidil). Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. WMV nó MP4)) lena chríochnú.***

- Spreag na daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, méid na n-íomhánna, na maisíochtaí/trasdulta a úsáidtear agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomanta ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.

## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí amharc ar obair a chéile. Seinn píosaí oibre roghnaithe nó lig do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú an chomhaid scannáin a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.



teaching divided histories
www.nervecentre.org/teachingdividedhistories

# TASCANNA DIGITEACHA

TASC EAGARTHÓIREACHT ÍOMHÁNNA



## CUR SÍOS AR AN TASC

***Úsáidfidh na daltaí bogearraí eagarthóireacht íomhánna (m.sh. Gimp) le híomhá ó Chath an Somme a láimhseáil agus cuirfidh siad isteach sliocht nó píosa téacs a thugann dúshlán tuairimí faoin chath.*** Déanfaidh na daltaí taighde ar íomhá agus ar shliocht nó téacs ón idirlíon a úsáidfear sa phíosa oibre.

## PLEAN

***Gheofar íomhánna agus faisnéis ón idirlíon agus dearfar iad ina bpóstaer.***

- Tabharfaidh an múinteoir téarmaí cuardaigh do na daltaí agus gheobhaidh siad íomhánna agus téacs fóirsteanach ón idirlíon – iarr ar na daltaí iontaofacht agus oibiachtúlacht na faisnéise a gheobhaidh siad a chur san áireamh. Abair leis na daltaí go bhfuil sé níos fearr íomhánna meánmhéide/móra a fháil.
- Aimseoidh agus roghnóidh na daltaí íomhánna/téacs atá le húsáid agus sábhálfaidh siad iad go cuí i bhfillteán tiomnaithe ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.
- Coinneoidh na daltaí cuntas ar na suíomhanna ar thug siad cuairt orthu i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.

## DÉAN

***Iompórtálfaidh na daltaí an íomhá a fuair siad isteach sna bogearraí agus úsáidfidh siad na huirlisí datha/scagtha le maisíocht a chur le híomhá dubh agus bán – seans go mbainfidh siad triail as cineálacha éagsúla pailéid dathanna. Is féidir go n-úsáidfidh roinnt daltaí na huirlisí seo i gcomhar leis na huirlisí roghnúcháin le codanna den íomhá a aibhsiú. Ansin, úsáidfidh na daltaí an uirlis téacs leis an tsliocht/an fhaisnéis a fuair siad a chur isteach. Déanfaidh na daltaí an píosa oibre a easpórtáil i bhformáid comhaid chuí (m.sh. JPEG) lena críochnú.***

- Spreag na daltaí le smaoineamh ar mhéid agus ar stíl an chló, na dathanna/stíl scagtha agus na huirlisí atá ar fáil dóibh sa phacáiste bogearraí.
- Cuir i gcuimhne do na daltaí a gcuid oibre a shábháil i bhfillteán tiomanta ar a bhfuil comhadainm ciallmhar.

## SÚIL SIAR

***Tabhair deis do na daltaí obair a chéile a fheiceáil. Cuir an obair is fearr ar taispeáint ar an chlár bhán nó lig do na daltaí siúl thart an seomra leis an deis sin a thabhairt dóibh.***

Iarr ar na daltaí, i bhfianaise an aiseolais ó dhaltaí eile, a roghanna agus cinntí a chosaint, agus deacrachtaí ar bith le cruthú na híomhá a lua. Is féidir é seo a dhéanamh i ndoiciméad a shábhálfaidh siad.